COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil14.10.2008
COIM(2008) 648 leagan deireanach

2006/0008 (COD)

Tograí leasaithe le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus lena gcinntear inneachar Iarscríbhinn XI**

**agus**

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta**

(arna dtíolacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 250(2) de Chonradh CE)

2006/0008 (COD)

Tograí leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta agus lena gcinntear inneachar Iarscríbhinn XI**

**agus**

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

## 1. STAID NA N-IMEACHTAÍ

Ghlac an Coimisiún na tograí COIM(2006)7 leagan deireanach – 2006/0008 (COD) agus COIM(2007) 376 leagan deireanach – 2007/0129 (COD) an 24 Eanáir 2006 agus 3 Iúil 2007 agus cuireadh ar aghaidh iad chuig Parlaimint na hEorpa an 24 Eanáir 2006 agus 3 Iúil 2007.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim maidir leis an togra ón gCoimisiún an 14 Márta 2007 (an chéad togra amháin).

Toisc go mbaineann an dá thogra seo le hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus go leasaíonn siad roinnt de na hIarscríbhinní céanna, chinn an Chomhairle agus an Pharlaimint gur chóir an dá thógra a chumasc.

Measann an Pharlaimint go bhfuil nós imeachta 2007/0129(COD) imithe i léig mar thoradh ar chorprú inneachar togra COIM(2007)0376 leagan deireanach ón gCoimisiún isteach i nós imeachta 2006/0008(COD).

Ar bhonn tuarascáil aonair, ghlac Parlaimint na hEorpa 77 leasú ar an gcéad léamh an 9 Iúil 2008.

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA

Déantar Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 maidir le comhordú scéimeanna slándála sóisianta a nuachóiriú agus a shimpliú le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004. Ní mór Iarscríbhinní Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 a fhorlíonadh sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Tá na tograí seo ag dul trís an nós imeachta comhchinnteoireachta ag an am céanna agus an rialachán feidhmiúcháin i gcomhair Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

Ar dtús, bhí dhá thogra ar leith do na hIarscríbhinní éagsúla a ghabhann leis an Rialachán. Baineann an chéad togra (COIM(2006 7 leagan deireanach) le hIarscríbhinn XI go príomha. Tá roinnt leasaithe ar an Rialachán bunaidh agus ar Iarscríbhinn VIII áthscríofa (pinsin pro rata) ann freisin. Is dóigh go nglacfaidh an Chomhairle leis an togra seo.

Tá na hIarscríbhinní eile sa dara togra (COIM(2007) 376 leagan deireanach). Tá leasuithe breise ar Iarscríbhinní VIII agus XI ann freisin; bhí roinnt de na leasuithe seo de dhíth de thoradh aontachas na Bulgáire agus na Rómáine, ach le linn na díospóireachta ar an togra, theastaigh ó roinnt Baillstát eile tuilleadh leasuithe ar na hIarscríbhinní. Is dóigh go nglacfaidh an Chomhairle leis an togra seo.

Rinne an Pharlaimint an dá thogra a chumasc ar an gcéad léamh.Rinneadh é seo trí bhíthin an dara togra (COIM(2007) 376 leagan deireanach, leasuithe ar áireamh) a chorprú sa chéad togra (COIM (2006)7 leagan deireanach) ina iomláine.

## 3. CUSPÓIR AN TOGRA LEASAITHE

Leis an togra leasaithe aithnítear cumasc an dá thogra agus déantar iad a oiriúnú i dtaobh roinnt pointí, mar a mhol an Pharlaimint.

## 4. BARÚLACHA MAIDIR LEIS NA LEASUITHE A GHLAC PARLAIMINT NA HEORPA

### 4.1. Leasuithe a ghlac an Coimisiún (seachas 6 agus 12)

Aontaíonn an Coimisiún gach leasú árna ghlacaithe a chorprú. Is féidir leis glacadh le leasuithe 1-5, 7-11, 13-24 agus 26-78rev.

### 4.2. Leasuithe ar féidir leis an gCoimisiún glacadh leo i bpáirt nó faoi réir iad a chur i bhfocail eile.

Leasuithe 6 agus 12

*4.2.1. Leasú 6*

Léiríonn an leasú seo aithris 7a nua a ghlac an Chomhairle ach baineann sé amach an tagairt d'Iarscríbhinn III. Is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an leasú seo go páirteach. Ba chóir na focail "i bprionsabal" a chur isteach mar seo a leanas: "Ba chóir, i bprionsabal, go bhfaigheadh baill theaghlaigh iar-oibrithe imeallchríche sochar ón bhféidearthacht leanúint le cóir leighis sa stát inar fostaíodh roimhe sin an duine faoi árachas tar éis dó nó di dul ar scor." Déanfar amhlaidh lena léiriú go mbeidh feidhm ag Iarscríbhinn III ar feadh tréimhse teoranta, mar sin ní bheidh na sochair arna lua ar fáil láithreach i ngach cás.

*4.2.2. Leasú 12*

Léiríonn an leasú seo ar Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) 883/2004 leasú eile ghlac an Chomhairle ach baineann sé amach tagairt d'Iarscríbhinn III. Is féidir leis an gCoimisiún glacadh leis an leasú seo i bpáírt. Tá an chuma ar an scéal gur gá an tagairt d'Iarscríbhinn III a choinneáil, ach ba chóir an tagairt a leasú chun nach

mbeidh an Iarscríbhinn i bhfeidhm ach ar feadh tréimhse teoranta. Dá bhrí sin, is féidir glacadh leis an leasú faoi réir leasú ar an dara fomír mar seo a leanas: "Bainfaidh an chéad fhomhír le baill de theaghlach oibrí imeallchríche ach amháin, chomh fhada is atá Iarscríbhinn III i bhfeidhm, má tá an Ballstát inar shaothraigh an oibrí imeallchríche a ghníomhaíocht don uair dheireanach san áireamh in Iarscríbhinn III."

## 5. TOGRA LEASAITHE

Ag féachaint d'Airteagal 250(2) de Chonradh CE, déanann an Coimisiún a thogra a leasú mar atá leagtha amach thuas.